2026/442

3.3.2026

CINNEADH 2026/442 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Feabhra 2026

maidir le síniú, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 189, i gcomhar le h Airteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le litir dar dáta an 20 Aibreán 2023, léirigh Ríocht na hIorua a spéis fhoirmiúil tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú d'fhonn a bheith rannpháirteach i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán.

(2) An 10 Nollaig 2024 d'údaraigh an Chomhairle tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais le haghaigh Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán ('an Comhaontú'). Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil an 4 Aibreán 2025.

(3) Tá comhar seanbhunaithe ag an Iorua leis an Aontas i réimse an spáis agus tá sí rannpháirteach i bhformhór na gcomhpháirteanna de Chlár Spáis an Aontais.

(4) Tá comhaontú tugtha i gcrích ag an Aontas agus ag an Iorua maidir le nósanna imeachta slándála chun faisnéis rúnaicmithe a mhalartú ([1]).

(5) Ó thaobh na geopholaitíochta de, le rannpháirtíocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus rochtain na hIorua ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán, rannchuideofar le ról na hEorpa mar ghníomhaí domhanda a neartú agus cuirfear an comhar idirnáisiúnta chun cinn mar a shainmhínítear sa Straitéis Spáis don Eoraip. Le Comhaontú leis an Iorua, neartófar seasamh straitéiseach an Aontais, ar cuspóir é de Straitéis Spáis an Aontais Eorpaigh um Shlándáil agus Cosaint.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear síniú, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin ([2]).

([1]) Comhaontú idir Ríocht na hIorua agus an tAontas Eorpach maidir le nósanna imeachta slándála chun faisnéis rúnaicmithe a mhalartú (IO L 362, 9.12.2004, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2004/843/oj).

([2]) Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Feabhra 2026.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. KERAVNOS